

Coláiste Ghobnait Inis Oírr



Polasaí Úsáid Substaintí 2026/2027

Glactha leis ag an mBord Bainistíocht ar an 09/10/2026
Faofa ag an mBord Oideachas agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
(BOOGR) ar an (dáta le cinntiú)

Ullmhaíodh an Beartas seo i gcomhairle le Tuismitheoirí, Scoláirí, Baill Foirne, an
Bord Bainistíochta agus an BOOGR

BAINEANN AN POLASAÍ SEO LE:

Daltaí, foireann na scoile, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta na scoile chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Roscomáin.

RÁITEAS MISIN

Ár misiún i gColáiste Ghobnait ná forbairt oideachasúil, intleachtúil, fisiciúil agus culturtha a spreagadh i measc scoláirí na scoile i dtimpeallacht thaitneamhach shláintiúil a thugann tús áite don fhéinmheas, don neamhspléachas agus d'fhorbairt gach ball de phobal na scoile.

FÍS NA SCOILE

“Ag fás is ag foghlaim le chéile go díograiseach agus go dúthrachtach trí mheán na Gaeilge, ina dtugtar tús áite do chothromaíocht, meas folláine agus ionracas, le spiorad an chomhoibrithe i measc pobal uile na scoile.”

ÉITEAS



RÉAMHRÁ

Tá Coláiste Ghobnait tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar riachtanais na scoile uile maidir le húsáid substaintí. Tá sé ríthábhachtach go n-oibreóidh na tuismitheoirí/caomhnóirí ar bhealach gníomhach i gcomhar leis an scoil chun sláinte agus sábháilteacht a gcuid páistí a chinntiú.

Leagann **An Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008** amach clár cuimsitheach gníomhaíochta atá le cur i bhfeidhm ag Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí chun dul i ngleic leis an bhfadhb an-tromchúiseach a bhaineann le mí-úsáid drugaí inár sochaí. Leagtar béim sa tstraitéis ar an ról thábhachtach is féidir le scoileanna a imirt agus éilítear orthu polasaithe um úsáid substaintí a bheith i bhfeidhm acu.

Luaitear i Roinn IV de na **Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna** gur chóir do gach scoil a bheith páirteach go gníomhach sa phróiseas chun **Polasaí um Úsáid Substaintí** a fhorbairt agus a chomhaontú, i gcomhréir le Gníomh 43 den Straitéis Náisiúnta Drugaí agus leis an gCiorclán ábhartha.

Tá polasaí na scoile maidir le húsáid substaintí mar chuid de chur chuige cúraim tréadach na scoile, i gcomhréir le ráiteas misin na scoile, chun timpeallacht foghlama shláintiúil, chúramach agus thacúil a chinntiú. Is é aidhm an Pholasaí Úsáid Substaintí úsáid drugaí agus alcóil, lena n-áirítear toitíní agus toitíní leictreonacha (r-toitíní), a chosc agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh siúd a úsáideann iad, trí oideachas agus trí fhorbairt freagrachta pearsanta a chothú.

Forálann **An tAcht Oideachais (1998)** gur cheart do scoileanna forbairt shóisialta agus phearsanta na ndaltaí a chur chun cinn agus oideachas sláinte a chur ar fáil dóibh.

Déanfaidh an scoil iarracht scoláirí a chur ar an eolas, trí ábhair mar **OSPS (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte), Folláine, Corpoideachas**, agus gnéithe eile den churaclam, faoi na himpleachtaí fisiciúla, meabhracha agus sóisialta a bhaineann le húsáid substaintí.

Beidh an scoil i gcónaí aireach ar a bhfreagracht a chinntiú nach bhfuil drugaí á n-úsáid, á ndáileadh ná i seilbh aon duine i bhfoirgneamh na scoile, ar thailte na scoile, ná le linn gníomhaíochtaí a bhaineann leis an scoil taobh amuigh de thailte na scoile. Cuirfear an polasaí seo i bhfeidhm má tharlaíonn aon eachtra dá leithéid.

Baineann an polasaí seo le baill foirne, cuairteoirí ar an scoil, daoine atá ag úsáid áiseanna na scoile, laistigh de theorainneacha thailte na scoile, agus le scoláirí i rith an lae scoile ar fad, cibé acu ar láthair na scoile nó lasmuigh di, lena n-áirítear gach gníomhaíocht agus turas a bhaineann leis an scoil.

Sa pholasaí seo, ciallaíonn “druga” substaint ar bith a chuireann athrú ar an gcaoi a fheidhmíonn an corp – an mheabhair, an corp fisiciúil agus na mothúcháin. Glacann an scoil leis go bhfuil drugaí, idir dhruagaí dleathacha agus drugaí neamhdhleathacha, ar fáil sa phobal áitiúil agus go bhfuil ról tábhachtach ag an scoil, mar chuid den phobal sin, i dtaca le hoideachas, cosc, tacaíocht agus i dtaca le heachtraí a bhaineann le drugaí a láimhseáil. San áireamh tá Vápáil.

Sí aidhm an pholasaí ná eolas, scileanna agus an meon ceart a chur ar fáil dár scoláirí i sochaí atá dírithe i dtreo mhí-úsáid substaintí agus a chinntiú go bhfuil Rialacha atá soiléir ar fáil chun tabhairt faoi chásanna mhí-úsáid substaintí.

Bíonn go leor dushláin roimh dhaoine óga sa saol inniu a imríonn tionchar ar a sláinte agus a bhfolláine. Tá muidne i gColáiste Ghobnait ag iarraidh freastal ar riachtanais ár scoláirí sa chaoi is go mbeidh siad in ann an cinneadh is fearr a dhéanamh maidir lena sláinte, saol pearsanta agus saol sóisialta.

Aon Eachtraí a bhaineann le mí-úsáid substaint atá mídhleathach agus atá de bhunús coirpeach déantar teagmháil láithreach leis an nGarda Síochána mar tá siad seo freagrach as fioscrucháin maidir le hábhair choiriúla.

Má thagann aon bhaill do fhoireann na scoile ar aon substaint i dtimpeallacht na scoile cuireadh siad an Príomhoide ar an eolas agus déanfaidh an Príomhoide teagmháil leis an nGarda Síochána. Déanfar an substaint a stóráil i mbosca. Cuirfear lipéad ar leis an dáta agus an t-am scríofa air taobh amuigh. Beidh sé stóráilte faoi ghlas go dtagann an Garda Síochána.

Ní ghlacaimid le seilbh, úsáid ná soláthar drugaí toirmisceithe nó drugaí nach bhfuil forordaithe, ná aon trealamh a bhaineann le húsáid drugaí, alcól, toitíní leictreonacha (vapes), púitsí nicitín ná tobac ag aon scoláire sa scoil, ar thurais agus ar imeachtaí scoile, ná le linn aon ghníomhaíochta a bhaineann leis an scoil. Tá sé de cheart ag an scoil gníomhú ar aon eolas a fhaigheann sí maidir le seilbh, úsáid, díol nó dáileadh substaintí mídhleathacha.

Réasúnaíocht

Cén fáth go bhfuil fáth le Polasaí um Úsáid Substaintí?

- Oideachas a chur ar gach úsáideoir den scoil, ar thuismitheoirí, ar dhaltaí agus ar bhaill foirne.
- Cearta agus freagrachtaí tuismitheoirí, daltaí agus bhaill foirne maidir le húsáid drugaí agus alcól a shoiléiriú.
- Cóireáil chothrom agus chóir a chinntiú i ngach cás.
- Comhlíonadh an dlí a éascú.

Ábhar an Pholasaí

Tá sé i gceist eolas a thabhairt faoi úsáid dhrugaí do na scoláirí agus ag an am chéanna béim a chur ar shaol shláintiúil. Freisin cuirfear na scoláirí ar an eolas ceart idir scileanna agus dearcadh, chun rogha freagrach a dhéanamh i dtaobh cathú substaintí sa todhchaí agus eolas faoina contúirtí a bhaineann le hábhair mhídhleathacha agus dainséaracha a thabhairt do na scoláirí agus an bhéim a chur ar shaol shláintiúil.

Ar Eachtraí a bhaineann le halcól, tobac agus úsáid drugaí, d'fhéadfaí a áireamh:

- Úsáid nó úsáid mheasta alcól, drugaí, tobac ar áitreabh na scoile nó i rith gníomhaíochta a bhaineann leis an scoil.
- Meisciúlacht/iompraíocht neamhghnách
- Eolas inste faoi úsáid
- Na substaintí sin agus/nó trealamh eile lena mbaineann a aimsiú.
- Na substaintí sin bheith i seilbh agus/nó á soláthair ar áitreabh na scoile nó i rith gníomhaíochta a bhaineann leis an scoil.
- Eile.

Feidhmiú an Pholasaí

Mar atá sonraithe i Ráiteas misin na scoile, tá gealltanas tugtha ag Coláiste Ghobnait go gcumasófar na scoláirí chun a gcumas acadúil, intleachtúil, morálta, spioradálta, sóisialta, cultúrtha agus fisiciúil a bhaint amach. Chomh maith leis sin, tá an scoil tiomanta do chothú a dhéanamh ar fhorbairt na freagrachta pearsanta.

- Ní ghlacann an scoil leis go mbeidh drugaí neamhdhleathacha i seilbh aon bhall de phobal na scoile, ná go mbeadh drugaí neamhdhleathacha á n-úsáid nó á sholáthar ag aon bhall de phobal na scoile sa scoil, nó le linn gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil, nó lasmuigh d'am scoile.
- Ní ghlacann an scoil leis go mbeadh alcól, tobac nó 'Vape' ina s(h)eilbh nó a sholáthar ag aon scoláire sa

scoil le linn dó/dí a bheith i dtimpeallacht na scoile.

- Níl cead ag scoláire ná ag múinteoir aon chógas ordaithe ná aon chógas “thar an gcuntar” a thabhairt do scoláire eile.
- Coinneofar ceimiceáin i saotharlanna na scoile faoi ghlas. Ní dhéanfaidh scoláirí aon substaintí den sórt sin a úsáid ná a láimhseáil ach amháin faoi mhaoirseacht an mhúinteora.
- Tá cosc ar scoláirí agus ar gach duine a bhaineann úsáid as foirgnimh nó clós an Choláiste a bheith faoi thionchar substaintí mhídhleathacha nó iad a bheith ina seilbh. Má tharlaíonn eachtra a bhaineann le h-úsáid drugaí mídhleathacha, ‘sé polasaí an Choláiste freagairt i mbealach dian agus féaráilte ag cur san áireamh sábháilteacht agus leas an duine/na daoine atá i gceist, chomh maith le pobal iomlán an Choláiste. Déanfaidh an Coláiste iarracht a leithéid d’eachtra a láimhseáil go discréideach agus go goilliúnach ag chomhlíonadh aon dualgaisí dleathacha a bheadh i gceist, (m.s. Gardaí a chur ar an eolas).
- Tá cosc ar chaitheamh tobac sa scoil, i dtimpeallacht na scoile agus ar ocáidí (turais msh) a eagraíonn an scoil do na scoláirí.
- Tá cosc ar scoláirí a bheith i seilbh alcól nó é a ól sa scoil nó le linn ocáidí scoile.
- Tá cosc ar scoláirí substaintí mhí-dhleathacha nó aon substaintí eile a d’fhéadfadh a bheith contúirteach don sláinte a úsáid sa scoil nó ar ócáid scoile nó iad a bheith ina seilbh.

Dírítear an polasaí ar na phríomhréimsí seo:

1. **Cláir Oideachais um Alcól, Tobac, Nicítín, Toitíní Leictreonacha agus Úsáid Substaintí.**
2. **Bainistíocht a dhéanamh ar Eachtraí a Bhaineann le Drugaí, Tobac agus Alcól**
3. **Oiliúint agus Forbairt Foirne.**

1. Cláir Oideachais i dtaca le Alcól, Tobac, Nicítín, Toitíní Leictreonacha agus Úsáid Substaintí

Tá Coláiste Ghobnait tiomanta do chlár oideachais um úsáid substaintí atá oiriúnach d’aois na ndaltaí a sholáthar do gach scoláire. Tá an clár seo comhtháite leis an gClár Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS), leis an Eolaíocht, leis an Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP), leis an Eacnamaíocht Bhaile agus le hábhair ábhartha eile den churaclam. Forbraítear agus cuirtear an clár i bhfeidhm i gcomhthéacs timpeallachta scoile uile atá tacúil, dearfach agus cúramach.

Spreagtar agus éascaítear rannpháirtíocht ó thuismitheoirí, ón nGarda Síochána áitiúil, ó dhaoine eile a bhfuil saineolas agus taithí ábhartha acu, agus ó ghníomhaireachtaí seachtracha ábhartha, ar choinníoll go gcomhlánaíonn a gcuid ranníocaíochtaí cur chuige, luachanna agus éiteas na scoile.

Cuirtear cláir feasachta drugaí agus cláir/ceardlanna ábhartha eile ar fáil do thuismitheoirí agus do bhaill uile fhoireann na scoile nuair a thagann deiseanna chun cinn agus nuair a cheadaíonn acmhainní na scoile é. Tacaíonn an scoil leis an bhfoireann i gcur i bhfeidhm an oideachais um úsáid substaintí trí ábhair acmhainne a chur ar fáil agus trí oiliúint inseirbhíse a éascú i scileanna éascaithe grúpa agus i bhforbairt phearsanta. Déanfaidh an scoil gach iarracht an oiliúint riachtanach a chur ar fáil d’fhorbairt leanúnach an chlár Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS) trí ghníomhaireachtaí seachtracha a chur san áireamh chun oiliúint chuí a sholáthar.

Is iad seo a leanas na haidhmeanna oideachais atá againn:

- Féinmheas agus féinmhuinín ár gcuid scoláirí a mhéadú.
- Scileanna pearsanta agus sóisialta a chothú inár gcuid scoláirí.
- Cur ar chumas ár gcuid scoláirí cinntí sláintiúla agus freagracha, bunaithe ar eolas, a dhéanamh.
- Eolas ar dhruaí, atá soiléir aoisoiriúnach, a sholáthar.
- An dochar a dhéanann mí-úsáid drugaí a ioslaghdú trí idirghabháil thacúil a thairiscint.

Gníomhaireachtaí Seachtracha / Aoi chainteoirí

Nuair is cuí agus nuair is oiriúnach, bainfear úsáid as gníomhaireachtaí seachtracha, aoichainteoirí agus éascaitheoirí chun an obair a dhéantar sa seomra ranga a threisiú. Cuireann rannpháirtíocht ghníomhaireachtaí seachtracha sa chlár oideachais um úsáid substaintí leis an teagasc a chuirtear ar fáil ar fud an churaclaim agus tacaíonn siad leis.

Déanfar cúram lena chinntiú go gcomhlíonann gníomhaireachtaí seachtracha agus aoichainteoirí riachtanais bheartais agus nósanna imeachta na scoile.

Beidh seisiúin eolais agus ullmhúcháin ar fáil do dhaltaí roimh aon chur i láthair ó chainteoir seachtrach a bhíonn ag éascú oideachas maidir le húsáid substaintí, agus cuirfear seisiúin athbhreithnithe agus plé ar fáil ina dhiaidh sin chun an fhoghlaim a dhaingniú agus ceisteanna a phlé.

2. Bainistíocht a dhéanamh ar Eachtraí a Bhaineann le Drugaí, Tobac agus Alcól.

Aithníonn Coláiste Ghobnait gur gá, i ngach cás a bhaineann le húsáid substaintí, cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais agus leas an duine óig, riachtanais phobal na scoile agus dea-cháil na scoile.

Ba chóir do gach ball foirne a bheith ar an eolas faoi na comharthaí a d'fhéadfadh a bheith bainteach le húsáid substaintí agus a bheith airdeallach maidir le haon athruithe in iompar daltaí. Tréimhse mhór athraithe is ea an ógántacht, agus níor cheart glacadh le ráflaí mar fhianaise ar úsáid substaintí.

Ba cheart gach tuairisc maidir le teagmhais úsáide substaintí, nó teagmhais a bhfuil amhras fúthu, a chur in iúl don Cheann Bliana ábhartha, don Phríomhoide Tánaisteach nó don Phríomhoide a luaithe is féidir ionas gur féidir iad a fhiosrú gan mhoill.

Cé go bhféadfadh ról a bheith ag gach ball foirne, lena n-áirítear foireann teagaisc, maoirseachta, riaracháin, cothabhála agus glantacháin, nuair a tharlaíonn teagmhas a bhaineann le húsáid, aimsiú nó sealbhú substaintí, aithníonn Coláiste Ghobnait a thábhachtaí atá sé líon na ndaoine a bhíonn páirteach i bhfiosrú agus i mbainistiú teagmhais dá leithéid a theorannú, a mhéid is praiticiúil. Is é aidhm na scoile nach mbeidh baint ach ag na daoine sin a bhfuil baint chuí acu leis an teagmhas lena bhainistiú agus lena fhiosrú.

Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh agus go nglacfaidh daltaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí leis na nithe seo a leanas:

- Go gcuireann dualgas na foirne i leith phobal na scoile cosc orthu rúndacht iomlán a ghealladh d'aon scoláire nuair a thagann siad i dteagmháil le teagmhas a bhaineann le húsáid substaintí nó le teagmhas a bhfuil amhras ann go mbaineann sé le húsáid substaintí.
- Go bhféadfadh sé a bheith riachtanach don scoil teagmháil a dhéanamh le húdaráis nó le gníomhaireachtaí cuí, de réir mar is iomchuí, amhail an Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), nó gníomharthaí ábhartha eile.
- Go bhféadfadh sé a bheith riachtanach don scoil sainchúnadh tríú páirtí oiriúnach a lorg chun teagmhas a fhiosrú i gceart agus go cuimsitheach.
- Go bhféadfadh dualgas reachtúil, rialála nó faoi threoirilínte na Roinne Oideachais a bheith ar an scoil daoine áirithe a chur ar an eolas faoi theagmhas agus/nó faoi thoradh fiosrúcháin ar theagmhas den sórt sin.

Rannpháirtíocht Tuismitheoirí

Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí agus táthar ag súil leo a aithint go bhfuil siad i gcomhpháirtíocht leis an scoil maidir lena bpáistí a chur ar an eolas agus a oideachas faoi mhí-úsáid substaintí. Spreagtar iad chun dul i dteagmháil leis an scoil má tá imní ar bith orthu maidir le húsáid substaintí agus lena bpáiste. Déanfaidh an scoil tuismitheoirí/caomhnóirí a threorú chuig foinsí eile tacaíochta agus cúnamh nuair is cuí.

Ceanglaítear ar thuismitheoirí/chaomhnóirí cuidiú leis an scoil agus comhoibriú go hiomlán léi agus í ag iarraidh déileáil go cothrom, go cóir agus go héifeachtach le haon eachtraí a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

In aon eachtra a bhaineann le substaintí neamhúdaraíthe, cuirfidh an scoil tuismitheoir/caomhnóir an dalta ar an eolas de ghnáth agus míneoidh sí conas atá sé beartaithe aici freagairt don eachtra agus do riachtanais an scoláire.

I gcúinsí eisceachtúla, áfach, nuair a bhíonn amhras ar an scoil go bhféadfadh sé seo sábháilteacht an scoláire a chur i mbaol, nó má tá cúis eile imní ann maidir lena shábháilteacht sa bhaile, ba cheart don scoil bheith cúramach agus iad ag breithniú an ceart tuismitheoirí/caomhnóirí a chur san áireamh.

In aon chás ina bhféadfadh cosaint a bheith de dhíth ar scoláire ar mhaithe leis an mbaol mí-úsáide, ní mór an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe a chur ar an eolas agus na nósanna imeachta um Chosaint Leanaí a leanúint go hiomlán.

Is ábhar coiriúil iad gach eachtra a bhaineann le húsáid substaintí mídhleathacha agus, dá bhrí sin, cuirfear iad faoi bhráid an Gharda Síochána go huathoibríoch, ós iad atá freagrach as cúrsaí coiriúla a fhiosrú.

Má aimsítear substaintí neamhdhleathacha nó trealamh a bhaineann le húsáid substaintí ar mhaoín na scoile, déanfaidh an Príomhoide nó ball foirne ainmnithe teagmháil leis an nGarda Síochána. Cuirfear an tsubstaint nó an trealamh i gcoimeádán, agus scríobhfar an dáta agus an t-am ar an taobh amuigh de. Coinneofar an coimeádán in áit shlán go dtí go dtagann an Garda Síochána chun an tsubstaint nó an trealamh lena mbaineann a bhailiú.

Déanfar aon eachtra a bhaineann le cuairteoirí fásta ar mhaoín na scoile a bhfuil amhras ann go bhfuil siad faoi thionchar alcóil nó drugaí mídhleathacha a chur faoi bhráid an Gharda Síochána. Má tá amhras ann go bhfuil cuairteoir fásta i seilbh drugaí mídhleathacha nó á n-úsáid ar mhaoín na scoile nó ina gaire, déanfar teagmháil leis an nGarda Síochána láithreach.

Cúram Tréadach agus Comhairleoireacht

I gcás roinnt daoine óga, d'fhéadfadh úsáid substaintí a bheith ina comhartha ar dheacrachtaí bunúsacha eile atá acu, agus i gcás daoine eile d'fhéadfadh sé gur céim thurgnamhach í a rachaidh siad tríd gan dochar fadtéarmach.

Mar fhreagairt ar gach eachtra, cinnteoidh an scoil go gcuirfear tacaíochtaí comhairleoireachta agus cúraim thréadach ar fáil don scoláire atá bainteach leis an eachtra, chomh maith le scoláirí agus tuismitheoirí eile a bhféadfadh tionchar a bheith ag an eachtra orthu.

Má mheasann an scoil go bhfuil fadhb ag an duine maidir le húsáid substaintí, molfar atreorú chuig seirbhísí seachtracha cuí chun tacaíocht agus cóireáil bhreise a fháil.

Nósanna Imeachta chun Déileáil le hEachtraí a Bhaineann le hÚsáid Substaintí

Ós rud é nach féidir pleanáil a dhéanamh do gach cás a d'fhéadfadh teacht chun cinn, féadfaidh na céimeanna seo a leanas a bheith mar chuid den chaoi a ndéanfaidh an scoil eachtra a bhaineann le húsáid substaintí a bhainistiú agus a imscrúdú:

- Nuair is léir go bhfuil baol láithreach ann do dhaltáí nó do phobal na scoile, coimeádann an scoil an ceart scoláire ar bith atá bainteach le heachtra amhrasta úsáide substaintí a chur ar fionraí nó a bhaint den scoil go sealadach fad is atá tuilleadh imscrúdaithe á dhéanamh ar an eachtra.
- Glacfaidh an scoil gach céim is gá chun eachtra úsáide substaintí a imscrúdú agus a mheasúnú go hiomlán, agus glacfaidh sí an t-am a mheasfaidh sí a bheith riachtanach chun é sin a dhéanamh.
- Glacfaidh an scoil seilbh ar aon substaintí toirmisceithe nó srianta agus ar aon trealamh a bhaineann le húsáid drugaí atá ceangailte leis an eachtra, déanfar taifead cúramach orthu agus coinneofar iad go slán go dtí go mbeidh an t-imscrúdú curtha i gcrích, mura dtugann gníomhaireacht seachtrach chúí treoir eile.
- I gcás eachtra, iarrfaidh an scoil ráitis ó gach duine atá bainteach leis an eachtra, a bhfuil baint acu léi nó a bhfuil eolas acu fúithi, agus déanfar taifead de na ráitis sin.
- Coinneoidh an scoil taifead scríofa de gach céim den imscrúdú, lena n-áirítear na taifid dá dtagraítear thuas, cumarsáid le daoine nó le gníomhaireachtaí eile atá bainteach leis na hábhair atá faoi imscrúdú nó a bhfuil spéis acu iontu, toradh an imscrúdaithe, na cinntí a rinneadh agus na cúiseanna a bhí leis na cinntí sin, aon smachtbhannaí nó bearta araíonachta a cuireadh i bhfeidhm tar éis an imscrúdaithe, chomh maith le bainistiú agus toradh aon achomhairc a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndiaidh an imscrúdaithe.
- Déanfaidh an scoil, dá rogha féin, teagmháil le haon údarás seachtrach cuí agus lorgóidh sí comhairle nó cúnamh de réir mar a mheasfaidh sí a bheith iomchuí maidir lena himscrúdú ar eachtra.
- Maidir le heachtra atá fíoraithe agus iniúchta, féadfaidh an Bord Bainistíochta bearta araíonachta nó smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh: rabhadh ó bhéal, rabhadh i scríbhinn, fionraí ar feadh trí lá, fionraí ar feadh níos mó ná trí lá, smachtbhannaí eile seachas díbirt, agus díbirt ón scoil.
- Féadfaidh an scoil, dá lánrogha féin, cur i bhfeidhm na smachtbhannaí a chur siar chun cúinsí maolaitheacha nó aon uirill a mheasann sí a bheith ábhartha a chur san áireamh.
- Déanfaidh an scoil gach iarracht tacaíochtaí tréadchúraim a chur ar fáil don scoláire/do na scoláirí agus do na tuismitheoirí/caomhnóirí a ndéanann eachtra úsáide substaintí difear dóibh, ach amháin i gcás ina ndíbrítear scoláire ón scoil. I gcásanna ina bhfuil díbirt cuí, féadfaidh gníomhaireachtaí seachtracha na tacaíochtaí sin a sholáthar.

Na Meáin Chumarsáide

Ní ndéanfaidh an scoil trácht ar aon ábhar aonair agus imscrúdú ar siúl, ach amháin chun a beartais agus a nósanna imeachta maidir le bainistiú eachtraí a leagan amach. Beidh an Príomhoide nó urlabhraí ainmnithe mar an duine freagrach as déileáil leis na meáin chumarsáide i gcásanna den sórt sin.

Mar sin féin, ar mhaithe le dea-cháil Choláiste Ghobnait a chosaint, féadfaidh an Bord Bainistíochta seasamh na scoile i leith eachtra a shoiléiriú tar éis don imscrúdú a bheith curtha i gcrích.

Riaradh agus úsáid leighis

Má bhíonn ar scoláirí leigheas a thógáil go rialta, ní mór do na tuismitheoirí/caomhnóirí an t-eolas seo a bheith tugtha don scoil.

Beidh ar thuismitheoirí litir scríofa a sheoladh chuig Príomhoide na Scoile ag luadh:

1. Ainm an scoláire.
2. Ainm agus méid (dose) an chógais.
3. An bhfuil an scoláire freagrach as a chogais féin.
4. Má tá an cogais le tabhairt ag múinteoir, caitheadh an tuismistheoir cead a chur ar fáil i scríobhín.
5. Sonraí teagmhála an tuismistheoir/caomhnóir.

Impíonn an Bord Bainistíochta ar thuismitheoirí/chaomhnóirí an Príomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach a chur ar an eolas i scríbhinn faoin fhadhb sláinte atá ag aon scoláire.

Próisis Smachta

Is eachtraí casta iad eachtraí a bhaineann le drugaí agus nuair a bhristear rialacha na scoile in aghaidh drugaí, cuirfear pionóis i bhfeidhm ag brath ar nádúr an chiona. Beidh na pionóis sin ag teacht le rialacha na scoile (féach cód iompair).

3. Oiliúint agus Forbairt Foirne.

- Traenáil agus Forbairt do phobal na scoile.
- Cuirfear eolas cuí ar fáil don Bhord Bainistíochta maidir le fiosrú nó aon eachtra a tharlaíonn.
- Beidh traenáil sonrach ar fáil do mhúinteoirí ábhartha.
- Cuireadh an scoil aon ábhar acmhainní a thagann chomh fada le bainistíocht na scoile ar aghaidh go dtí an múinteoir.
- Éascóidh an scoil oiliúint do na baill foirne atá páirteach sna cláir OSPS.
- Cuirfear oiliúint gharchabhrach ar fáil go rialta don fhoireann.
- Cuirtear oiliúint maidir le feacht drugaí, oiliúint OSPS nó aon oiliúint ábhartha eile ar fáil do mhúinteoirí trí oiliúint inseirbhíse rialta.

Athbhreithniú agus Meastóireacht

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo go rialta agus nuair is gá. Déanfar Meastóireacht ar na réimsí seo:

- Cláir oideachais in aghaidh drugaí.
- Eachtraí a bhaineann le drugaí a bhainistiú.
- Oiliúint agus forbairt foirne.

Meastóireacht

Beidh Múinteoirí, Tuismitheoirí/Caomhnóirí, Scoláirí agus an Bord Bainistíochta páirteach sa Mheastóireacht a dhéanfar ar an bpolasaí seo.

An Polasaí a Scaipeadh

Scaipfear cóipeanna den pholasaí seo ar phobal uile na scoile.